C/2026/2088

8.4.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12350 — ZÜBLIN / GEIGER BAUWERKSANIERUNG / CAPSYS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/2088)

1. An 27 Márta 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ed. Züblin AG ('Züblin', an Ghearmáin),

— Geiger Bauwerksanierung GmbH & Co. KG ('Geiger', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Züblin agus Geiger rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar capsys GmbH & Co. KG ('capsys', an Ghearmáin).

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta tógála é Züblin atá gníomhach go príomha sa Ghearmáin agus i dtíortha Benelux, agus tá sé gníomhach go príomha sna réimsí seo a leanas: príomhthógáil/tógáil fhoirgneamh agus innealtóireacht/tolláin/tógáil speisialta, lena n-áirítear athchóiriú foirgneamh,

— Is cuideachta tógála é Geiger atá gníomhach go príomha sa Ghearmáin, a dhéanann speisialtóireacht in athshlánú foirgneamh, go háirithe droichid, carrchlóis faoi thalamh agus umair uisce óil.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas capsys:

Dáileadh córas cosanta creimthe catóide le haghaidh struchtúir choincréite threisithe sa Ghearmáin den chuid is mó.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoina bhráid.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12350 — ZÜBLIN / GEIGER BAUWERKSANIERUNG / CAPSYS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a chur chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost ach úsáid a bhaint as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË